

Ábhar

Míreanna Físe

Cúrsaí Ealaíne

An t-ealaíontóir Tomás Ó Cíobháin ag labhairt faoi chúrsaí ealaíne

**Mír físe as an dlúthdhiosca ‘Cearta Teanga’
(An Coimisinéir Teanga)**

**Le caoinchead ó Oifig an Choimisinéara
Teanga**



Cúrsaí Ealaíne

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír físe ina bhfuil an t-ealaíontóir Tomás Ó Cíobháin ag labhairt faoin ealaín. Ar dtús déan an réamhobair thíos.

- Cad a cheapann tú atá i gceist leis an ‘ealaín’? Pléigh agus déan liosta de na rudaí go léir a bhféadfaí ealaín a ghlaoch orthu, dar leat.
- Cén ghné den ealaín is mó a thaitníonn leat? Cén fáth?
- Tá ort alt gearr 400 focal a scríobh d’iris Ghaeilge na mac léinn faoin ealaíontóir is fearr leat. San alt a scríobhfaidh tú, caithfidh tú cas a dhéanamh don ealaíontóir áirithe a roghnaíonn tú agus a mhíniú cén fáth gur ealaín atá i gceist leis an saothar a bpléann sé/sí leis.
- Déan iarracht Gaeilge a chur ar na leaganacha thíos, ag baint úsáide as an acmhainn chuí.

art
the arts
artistic
she is so arty
I’m studying Arts
I never liked art at school
She’s going to Art College

Éisteacht

Anois féach ar an mír físe. Cad iad na léargais ar shaol agus ar inspreagadh an ealaíontóra a thug tú leat ón mír? Breac nótaí agus tú ag éisteacht. An bhfuil difríocht idir do léargas-sa agus léargas do pháirtí. Pléigí.

Feasacht Teanga

- An dtuigeann tú na focail thíos a bhaineann leis an ealaín? Déan iarracht míniú i nGaeilge a thabhairt orthu.

na hamharcealaíona
ealaín suiteála
ceardaíocht
mínealaín
dealbhóireacht
ealaín chathartha
ealaín ghrafach
ealaín chomhraic
ealaín bhéil
físealaín
dámhachtain
uigeacht

- ‘...mheascaidís...’

Cén aimsir atá i gceist leis an mbriathar thuas? Pléigh agus ansin scríobh na briathra seo a leanas san aimsir chéanna.

tabhair, ceangail, oscail, ceartaigh, abair, scríobh, eagraigh, déan

- ‘...ba dhóigh leat go rabhais ann...’

Conas a chuirfeá Gaeilge ar na habairtí seo?

You’d think they’d do it properly
 You’d think she’d give us the results
 You’d think they’d do what they said they’d do
 You’d think he would have given her the essay
 You’d think she would have said it to him

- ‘...braitheann tú uait é...’

Ag úsáid an struchtúir chéanna cuir Gaeilge ar na habairtí thíos.

He’ll miss her so much.
 I used to miss my family when I was in boarding school.
 She’d miss her friends if she went abroad.
 We’ll miss you all next year.
 They’ll miss her.

Iarobair

- Beidh tú ag féachaint ar mhír físe dar teideal ‘Ár dtír, ár dteanga, ár gcultúr’ a léirigh Nuacht TG4/RTÉ. Sula bhféachann tú ar an mír déan na tascanna seo.
 - o Cad a cheapann tú atá i gceist le ‘cultúr’? Pléigh le do ghrúpa agus déanaigí iarracht sainmhíniú a scríobh.
 - o Tá tú féin agus do ghrúpa ag obair in TG4 agus iarradh oraibhse an mhír físe a chur le chéile. Déanaigí liosta de na nithe ba cheart a bheith sa mhír – caithfidh sibh teacht ar chomhréiteach chun liosta cinnte a chur ar fáil.
- Anois féach ar an mír agus déanaigí comparáid idir bhur roghanna féin agus an méid atá le feiceáil sa mhír.
- Féach ar cheann de na hirísí atá ag an eagraíocht Ealaín na Gaeltachta (<http://www.ealain.ie/foilseachain/ealaiona.html>) agus scríobh léirmheas ar an iris.

Bíodh cuntas i do léirmheas ar na nithe seo: (i) an pobal a bhfuil an foilseachán dírithe air; (ii) na gnéithe éagsúla den ealaín a bhfuil cur síos orthu san iris; (iii) dearadh na hirise.

Téipscript

Agus conas a dhéanfá cur síos ar do stíl sa phéintéireacht?

Go bunúsach, nuair a thosnaíos-sa, bhuel, thosnaíos ag sceitseáil agus mé im' gharsún ana-bheag ag dul ar scoil agus is dócha go...mo stíl ansan...ansan thosnaíos ag déanamh eitseáil, priontáil, eitseáil, ag obair ar mhíotal agus ag déanamh priontanna ar pháipéar ón míotal agus nuair a bhíonn tú á dhéanamh san bíonn tú ag creimeadh isteach sa mhíotal agus bíonn tú á scríobadh agus cuireann tú...úsáideann tú...úsáideann tú *acids* agus rudaí mar sin chun an rud a dhéanamh...an uigeacht faoi mar a déarfá, a chruthú. Má chuireann tú do láimh air sin, is breá liomsa an uigeacht san agus an bhreis a chuireann sé leis. *So* dá mbeifeá á dhéanamh san le péint, tógann sé ana-chuid ama mar caithfidh tú ligint don bpéint triomú agus ní thriomaíonn péint ana-thapaidh. Cé go n-úsáidimse *acrylic* ana-mhinic ar fad agus is minic a úsáidim *acrylic* agus ina dhiaidh sin péint ana-dhaor anuas air, mar dar liom nach bhfuil an spleodar céanna nó an meanma céanna nó an sprid chéanna faoi mar a déarfá san *acrylic*. Bíonn an phéint...atá chomh tábhachtach an dtuigeann tú...agus chomh maith leis sin is breá liom boladh na péinte agus is breá liom na haon rud a bhaineann le péint. Agus nuair a bhíos ag priontáil, do dheininn mo chuid péinte féin agus sásamh arís is ea é sin. Ar nós fadó, ar nós a dheintí breasal, nó ar nós a bhítí ag meascadh stuife chun...le leathadh ar an dtalamh agus mheascaidís é istigh sna tithe le sluaiste. *So* bhí sásamh á bhaint as gach aon rud agus ealaín is ea gach aon rud acusan – feirmeoireacht, iascaireacht, agus na cainteanna a bhaineann leis. Deir daoine uaireanta gur rud ana-aonarach a bheith ag scríobh, nó rud ana-aonarach a bheith ag péinteáil. Ach ní hea. A mhalairt ar fad is ea é. Má thógann tú sos uaidh braitheann tú uait é. Fágaimse an stiúideo anseo oícheanta nó tráthnóintí agus d'imeoinn ar an mBuailtín agus fós bheadh an pictiúr im' cheann. Uaireanta thabharfainn liom é agus gan é críochnaithe agus bheadh sé ansan ar m'aghaidh amach agus bheinn ag léamh an pháipéir nó rud éigin agus chuimhneoinn ar rud éigin. Agus fiú amháin scríobhfainn síos é, agus sin é an rud a bheadh le déanamh agam amárach. Is saghas rud ana-theibí ar fad is ea péintéireacht agus an rud a bhaineann leis. Ach is cuimhin liom daoine ag rá, ag féachaint ar phictiúr...dúirt duine éigin liom mar gheall ar an bpictiúr sin aon uair amháin 'ba dhóigh leat go rabhais ann', an dtuigeann tú. *So* ní cheapas-sa riamh é sin ach bhíos ag rá liom féin gur dheas an teideal ar phictiúr é – 'ba dhóigh leat go rabhais ann'. Agus uaireanta eile...daoine ana-thábhachtach i mo chuid pobailse is ea scríbhneoirí agus filí – mar shampla tá pictiúr amháin déanta agam den dTiaracht agus deir Seán Ó Ríordáin 'An Tiaracht ag fanacht le Dia' i ndán agus deir Mícheál Davitt – Michael Davitt, an file, beannacht Dé leis agus beannacht Dé le Seán chomh maith – dúirt sé 'agus mo cheann lán de chasadh na Gráige'. Agus tuigim go breá cad atá i gceist aige. Nuair a fhágann tú an áit seo agus nuair a bhíonn tú as baile, déarfá leat féin – 'bhreá liom a bheith thiar i gCasadh na Gráige anois. Dúil in áit – an áit is dócha gur saolaíodh tú agus an áit go bhfuil do chroí ann i gcónaí agus *you know* d'fhéadfadh sé a bheith in áiteanna eile chomh maith. Ach nuair a bhíos ag péinteáil thugas blianta fada i gCorcaigh – fós níor phéinteáileas riamh pictiúr a bhain le Corcaigh. Is dóigh liom go ndeineas Guagán Barra aon uair amháin – ach sin mar iarradh orm an pictiúr sin a dhéanamh – is saghas coimisiún a bhí ann. Ach tá pictiúirí...nuair a thagann daoine isteach sa stiúideo chugamsa uaireanta agus bím ag taispeáint pictiúr dóibh mar go bhfuil a fhios agam féin go mbainfidh mé ana-shásamh as an bpictiúr sin a dhéanamh arís agus arís eile agus arís eile agus iad a dhéanamh i slite difriúla. Caithfidh taithí a bheith agat ar áit. Agus caithfidh tú – conas mar a déarfadh mé é – buille na háite a mhothú. Rudaí anseo anois, mar shampla – cuireadh ceist ormsa – canathaobh é sin – conas go bhfuil an rian san ansan, mar shampla. Agus is é an chúis atá leis sin ná mar tá an t-uisce thíos agus sin é an airde agus cíonn tú ansan amuigh é – má fhéachann tú amach ar Cheann Sibéal amuigh ansan agus cíonn tú...tá an tráigh anois

lán, an dtuigeann tú, *so* níl an marc sin le feiscint in aon chor. Ach dá mbeadh an tráigh amuigh – dá mbeadh an t-uisce amuigh, chifeá an rian san...an rian atá fágtha...cíonn tú saghas rian beag dubh ann. Agus d'fhear nach bhfuil taithí aige ar fharraigí mar sin, ní chífidh sé na rudaí sin.